



TIONSCADAL GEOPHÁIRC

**Dhúiche Sheoigheach  
& Lochanna an Iarthair**

JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT

LOGAINMEACHA AGUS GEOLAÍOCHTA SA  
RÉIGIÚN DHÚICHE SHEOIGHEACH AGUS  
LOCHANNA AN IARTHAIR



LEABHRÁN MAOINITHE AG CISTE OIDHREACHTA GEOLAÍOCHTA 2019 DE CHUID  
SHUIRBHÉIREACHT GHEOLAÍOCHTA ÉIREANN.


Foilseachán de chuid Geotreallúis Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair

ISBN: 978-1-8382261-0-7 | Téacs ó Benjamin Thébaudeau

## **Táirge de chuid Thionscadail Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair, foilsithe in 2020.**

Baineadh úsáid as bunachar logainmneacha na hÉireann [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) chun taighde a dhéanamh, mar aon le saothar foilsithe atá ag Fiachra Mac Gabhann (Logainmneacha Mhaigh Eo), ag Tim Robinson (tríológ leabhar ar Chonamara), agus an rannán faoi logainmneacha ar shuíomh idirlín Oidhreacht Phobail na Gaillimhe (<https://galwaycommunityheritage.org/>).

SLIOCHT ÓN CHÉAD EAGRÁN DE LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS ÉIREANN (1829-1841)  
CEANTAR NA CLOICHE BRICE I NDUICHE SHEOIGHEACH Á THAISPEÁINT.



## Intreoir


Taisce iontach eolais is ea na logainmneacha ar thírdhreach na hÉireann mar atá inniu agus mar a bhí san am a chuaigh thart. Insíonn siad scéalta faoi na doirí fairsinge a chlúdaigh Éire, faoi na mic tíre ag fá-naíocht ar an tírdhreach, agus faoi oileáin atá anois mar chuid den mhórchóir. Ainmneacha na n-aibhneacha, na lochanna agus na sléibhte, na mbailte agus na sráidbhailte atá iontu. Chomh maith leis sin, is ainmneacha na mbailte fearainn iad, rannta talún atá measartha beag a théann siar go dtí go luath sna Meánaoiseanna ar a laghad. Is minic a bhíonn bailte fearainn i gceantair shléibhtiúla agus bhoga i bhfad níos mó ná ceantair ina bhfuil talamh maith feirmeoireachta, rud a léiríonn an fheidhm a bhí acu ar dtús mar roinnt thalún bhrabúsach le haghaidh talmhaíochta. Tá breis agus 60,000 baile fearainn in Éirinn agus tá siad uile ar fáil ar an bhunachar ag [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

Tá thart faoi 630 baile fearainn i réigiún Thionscadal Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair, ach tá cuid mhór áiteanna níos lú, sainchomharthaí sa thírdhreach nó páirceanna mar shampla, a bhfuil ainm orthu atá caillte le himeacht ama ar an drochuair. Is amhlaidh atá ar fud na hÉireann. Tá roinnt tionscadal ar siúl ar fud na tíre chun an t-eolas seo a thaifeadadh ó sheandaoine, go háirithe i gceantair Ghaeltachta ina bhfuil na hainmneacha b'fhéidir go fóill in úsáid sa lá atá inniu ann.

## Cad is logainm ann?

Déanann logainmneacha cur síos ar an tírdhreach, gnéithe fisiciúla (cnoc, cluain, fána, srl), bail na talún (carraigeach, bog, srl), an t-ainm a bhí ar úinéir cáiliúil, nó ar chuairteoir miotasach, speiceas planda nó ainmhí, gné saorga (ráth, droichead, srl), agus gnéithe eile den tírdhreach. Rud eile ná an gheolaíocht áitiúil, gnéithe geolaíochta áitiúla nó seanghníomhaíocht a bhaineann leis an gheolaíocht áitiúil. Seo thíos liosta de théarmaí Gaeilge a fhaightear i logainmneacha i réigiún na Geopháirce a thagraíonn don gheolaíocht áitiúil, a gcialla agus an litriú a úsáidtear i bhfoirm Bhéarla an logainm. Maidir le hainmneacha le réiltín \*, tá eolas breise faoina leathadh tíreolaíoch ar fáil ag [logainm.ie](http://logainm.ie) website.

Lomán Fhoirmíocht Mharmar na  
Lochanna ag Cnoc na Coirre



Cnoc na Coirre ón iardheisceart

| GAEILGE         | CIALLA         | LITRITHE BÉARLA SA GHEOPHÁIRC       |
|-----------------|----------------|-------------------------------------|
| Áighe           | gallán         | aya                                 |
| Ail/Fail*       | aill           | aille, ellagh                       |
| Alltaigh        | áit ailleach   | alty                                |
| Aoil            | aol            | eel                                 |
| Barr*           | ard            | bar, bur                            |
| Beartrach       | oitir ghainimh | bertragh                            |
| Binn*           | binn           | ben                                 |
| Buacán          | cioch          | boocaun                             |
| Carn*           | carn           | carn                                |
| Carraig/Carr*   | carraig        | carrick, carrigeen, carreen, cargin |
| Claideach       | cladach        | clydagh                             |
| Clog/Cloch*     | cloch          | clogh, clogher, clag, cleigh, glogh |
| Cnoc*           | cnoc           | knock                               |
| Coire           | coire          | curry                               |
| Corr*           | corr           | cor, cur                            |
| Creag/Creagán*  | creig          | creg, cregga, greggaun              |
| Cruach          | cruach         | croagh                              |
| Cuas/Cuasán*    | cuas           | coos, ghoosh                        |
| Dabhach         | dabhach        | dowagh                              |
| Deirc           | deirc          | dirk                                |
| Droim/Dromainn* | droim          | drum, drummin, drumneen             |
| Eas             | eas            | -ass, ash, aas                      |

ar lean ar leathanach 8

Cisil cheartingearacha  
ag Mám Trasna ó  
Ghleann na Fuaiche



Tras-srathú ag An Lónán

## ar lean ó leathanach 7

| GAEILGE          | CIALLA           | LITRITHE BÉARLA SA GHEOPHÁIRC  |
|------------------|------------------|--------------------------------|
| Eiscir/Eisceach* | eiscir           | esker, isker, ascragh, escragh |
| Farnacht         | formaoil         | farnaght                       |
| Gallach          | gallach          | gallagh                        |
| Iarainn          | iarann           | -ierin                         |
| Iomaire          | iomaire          | ummera                         |
| Leac/leacán*     | leac             | lecka, lacka, leck             |
| Log*             | log              | lug                            |
| Lomán            | lomán            | lummaun                        |
| Mám              | mám              | maum, maam                     |
| Maoil/maoileann  | maoil, maoileann | mweel, mweelaun                |
| Mianach          | mianach          | -veeny                         |
| Mullach*         | mullach          | mullagh                        |
| Oilí             | creagán, lomán   | elly                           |
| Poll*            | poll             | poll                           |
| Ruibh            | ruibh            | riff                           |
| Scainimh         | scaineamh        | scanniff                       |
| Sindile          | slinneán         | shintilla                      |
| Sliabh*          | sliabh           | levy, slieve                   |
| Tobar*           | tobar            | tober, tubber, dober           |
| Tulach/tulaigh*  | tulach           | tullagh, tully                 |
| Turlach          | turlach          | turlough                       |
| Uisce            | uisce            | isky                           |

## Geolaíocht sa cheantar Gheopháirc

Tá roinnt samplaí iontacha den tionchar a bhí ag geolaíocht ar na logainmneacha sa cheantar. Mar shampla, tá Cloghbrack (nó An Chloch Bhreac, 'the speckled or spotty rock') suite i gceantar os cionn Loch Measca íochtair, a bhfuil buncharraig siosta faoina bhun, agus tá an carraig breac le criostail mhóra bhána grianchloiche



Siosta "breac" ag An Chloch Bhreac




▲ Cloch le logainm ag bealach isteach na Coiche Brice



Tá an abhainn agus an baile fearainn Aille (nó An Aill, 'the cliff') suite ar mhá thar aolchloch charbónmhar (a théann siar thart faoi 350 milliún bliain); lomán den aolchloch is ea an aill thuasluaite, agus ritheann an abhainn thíos faoin talamh in uaimh charstach.

#### ◀ Aill aolchloiche ag An Aill



Abhainn eile a bhfuil ainm breá uithi ná Owenriff (nó Abhainn Ruibhe, 'river of brimstone or sulphur'), a ritheann trí bhaile Uachtar Ard isteach go Loch Coirib. Bhí nóidíní sulfair le fáil san aolchloch charbónmhar, ar ndóigh, tá iarsmaí de mhianach sulfair i dtuaisceart an bhaile feadh Shlí an Iarthair.

#### ◀ Mianraí buí sulfair i bhfoirm aolchloiche ó Abhainn Ruibhe

Tá cúpla baile fearainn darb ainm Clogher (nó An Chlochar, 'the rocky place') i mána na hÉireann mar gheall ar thionchar na hOighearaoise, ag creimeadh na buncharraige aolchloiche agus ag fágáil clúdach tanaí dríodar ar an charraig, nó clúdach níos mó de dhríodar tille ina bhfuil meascán de ghaineamh, de ghairbhéal, agus de chlocha níos mó. Is deacair na clocha seo a thógáil as páirc nua curaíochta ar bith, agus fiú i bpáirceanna a glanadh roimhe, feictear carraigeacha an chéad séasúr eile mar ardaíonn clocha mar gheall ar chrapadh agus bhorradh na ndríodar mórtimpeall agus teochtaí ag athrú.

**Páirceanna ina bhfuil a lán clocha scaoilte a fhaightear go nádúrtha**



**Leic Aimhréidh, sliabh grianchloichíte de leaca aimhréidhe ar bhruach Loch Coirib.**



Bhí tionchar cosúil leis seo ag an Oighearaois ar thalamh ard. Cé nár chothromaigh sí an bhuncharraig áitiúil, thóg sí an chuid is mó den chlúdach ithreach nó dríodair le liomán nó creaga a nochtú, agus is minic a fhaightear an focal creig sa cheantar. Corruair, bhí na lomáin chomh meilte agus líofa sin ag an oighear gluaiste gur tháinig siad amach mar leac, a chiallaíonn 'flagstone', mar shampla Lackavrea (nó Leic Aimhréidh, 'uneven flat stone'). Ar ndóigh, tá roinnt samplaí den fhocal dromainn i logainmneacha (sa chiall 'small ridge'), agus úsáidtear drumlin anois ar fud an domhain, a chiallaíonn dromanna ísle oighreach a shil-leagtar agus a dhéantar faoi oighearchúid gluaiste.

Gnéithe eile oighreacha a fhaightear in Éirinn ná eskers, ón Ghaeilge eiscir, focal atá ar eolas ar fud an domhain, ciallaíonn sé 'ridge that cuts through the landscape' (droim gairbhéil a d'iompair leá-uisce agus dríodair thíos faoi na hoighearchúideacha), agus corries (tugtar cirques orthu fosta) a thagann ón Ghaeilge coire, sa chiall 'large pot or cauldron'.

Oileán na Naomh ar Loch Measca, oileán droimnín



Tá gnéithe carstacha flúirseach inár réigiún san iarthar aolchloiche. Cuimsíonn siad uaimheanna, toibreacha, doilíní (loig nó poill scoite sa dromchla), agus turlaigh (lochanna séasúracha a líontar agus a fholmhaítear nuair a athraíonn leibhéal an mhaoschláir). Faightear cuid mhaith de na gnéithe seo i logainmneacha an cheantair, agus corrúair, léiríonn siad gnéithe nach bhfuil ann níos mó. Is iad na focail a bhaineann leis seo ná tobar (well, spring), poll (hole, cave), cuas (cave) agus tuilleadh. Rinne misinéirí luatha Críostaí a lán toibreacha nádúrtha a choisreacan mar thoibreacha beannaithe, mar a tharla i gcás Thobar Phádraig (nó Saint Patrick's Well) ag Ballintubber (nó Baile an Tobair, 'the village of the well').

Tobar Phádraig, tobar ►  
nádúrtha ag Baile an  
Tobair, le dealbh de  
Naomh Pádraig leis an  
Bhráthair Joseph McNally



Leic Aimhréidh ar Loch Coirib



Féach thíos roinnt samplaí eile de logainmneacha sa Gheopháirc a bhaineann le geolaíocht:

| BÉARLA         | GAEILGE           | CIALLA I MBÉARLA           | CINEÁL         |
|----------------|-------------------|----------------------------|----------------|
| Aasleagh Falls | Eas Liath         | grey waterfall             | eile           |
| Aille          | An Aill           | the cliff                  | baile fearainn |
| Ballinaya      | Baile an Áighe    | the townland of the pillar | baile fearainn |
| Ballintober    | Baile an tobair   | the townland of the well   | baile fearainn |
| Ben Gorm       | Binn Ghorm        | the blue peak              | binn           |
| Bencorragh     | An Bhinn Charrach | the rocky peak             | binn           |
| Cappaghooish   | Ceapach Chuais    | tillage plot of the cave   | baile fearainn |
| Cargin         | An Carraigin      | the small stone            | baile fearainn |
| Cloghbrack     | An Chloch Bhreac  | the speckled rock          | baile fearainn |
| Clogher        | An Clochar        | the rocky place            | baile fearainn |
| Cooslughoga    | Cuas Luchóige     | cave of the mouse          | baile fearainn |
| Cregdotia      | An Chreig Dhóite  | burned rock                | baile fearainn |
| Derryveeny     | Doire Mhianaigh   | thicket of the mine        | baile fearainn |
| Dirkbeg        | An Deirc Bheag    | the small hollow/cave      | baile fearainn |

| BÉARLA        | GAEILGE           | CIALLA I MBÉARLA                | CINEÁL         |
|---------------|-------------------|---------------------------------|----------------|
| Drumminroe    | An Dromainn Rua   | the red ridge                   | baile fearainn |
| Flag Island   | Oileán na Leac    | flag island                     | oileán         |
| Lackavrea     | Leic Aimhréidh    | uneven flat stone               | baile fearainn |
| Lacknakillen  | Leac na Cile      | flagstone of the church         | eile           |
| Letterass     | Leitir Easa       | hillside of the waterfall       | baile fearainn |
| Loughaunierin | Loch an Iarainn   | iron lake                       | loch           |
| Lugacurry     | Log an Choire     | hollow of the Corrie            | binn           |
| Monalummaun   | Móin na Lomán     | the bog of the outcrops of rock | eile           |
| Mountross     | Ros Iarainn       | the peninsula of Iron           | baile fearainn |
| Owenaglogh    | Abhainn na gCloch | river of the stones             | abhainn        |
| Owenriff      | Abhainn Ruibhe    | river of brimstone/sulphur      | abhainn        |
| Pollawaddy    | Poll an Mhadaidh  | the hole of the dog             | baile fearainn |
| Rinaneel      | Rinn an Aoil      | promontory of the lime          | baile fearainn |
| Turlough      | An Turlach        | the turlough                    | baile fearainn |



Lomán laibhe adhartach  
ag An Bhinn Charrach



Uisce bán marla de “Fionn” Loch  
Ceara nó Lough Carra

## Tuar ceatha geolaíochta

Is minic a úsáidtear dathanna le cur síos ar an tírdhreach, aibhneacha, lochanna, sléibhte, agus cé nach amhlaidh i gcónaí, de ghnáth, tagann siad ón dath atá ar an chloch áitiúil. Is féidir cuid acu a aithint, dubh, bán, glas, buí agus rua a chiallaíonn 'black', 'white', 'green', 'yellow', agus 'rusty red' faoi seach. Is minic a luaitear Fionnloch Ceara mar shampla, seanainm a bhí ar Loch Ceara, ina raibh an focal fionn, a chiallaíonn 'white or fair'. Sa chás seo, tagann sé ón fhosú bán marla de chailcít ag bun an locha éadomhain, a fhrithchaitheann solas na gréine mar gheall ar ghlaineacht an uisce ann.

Cloch le logainm ag Aill Dubh



"Aillte" dubha bruthimbrite ag Aill Dubh



Baineann an dath dubh go minic le huisce móinteach a bhfuil a lán iarainn ann, agus a bhfuil cuma dhubh air nuair a ritheann sé isteach agus amach ó phortach. Corruair, áfach, baineann sé leis an charraig áitiúil, mar shampla Aill Dubh (the black cliff), áit a seasann scaireanna de luaithreamhán bolcánach ar a dtugtar bruthimbrit ar fhána an tsléibhe, agus dath iontach dorcha orthu. Léiríonn an focal rua dath 'rusty red' agus baineann sé le flóra áitiúil cosúil le fraoch agus sfagham ag fás sa phortach. Is féidir fosta go mbaineann sé leis an dath atá ar an charraig áitiúil, mar shampla Killary (nó An Caoláire Rua, 'the red inlet'), nó An tIomaire Rua (a chiallaíonn 'the red ridge'), seantearma do thalamh ard i réigiún an iarthair i gcoitinne, mar shampla, an gaineamhchloch rua de Chnoc Maol Réidh, an bhinn is airde i gCúige Chonnacht.

Samplaí eile ó  
cheantar tionscadail  
na Geopháirce thíos:

| BÉARLA         | GAEILGE                 | CIALLA I MBÉARLA           | CINEÁL         |
|----------------|-------------------------|----------------------------|----------------|
| Aasleagh falls | Eas Liath               | grey falls                 | eile           |
| Aillebaun      | An Aill Bhán            | the white cliff            | baile fearainn |
| *              | Aill dhubh              | black cliff                | eile           |
| Ballydoolough  | Baile Dubhloch          | townland of the black lake | baile fearainn |
| Ben gorm       | Binn Ghorm              | blue peak                  | binn           |
| Black island   | An tOileán Dubh         | black island               | oileán         |
| Caherduff      | An Chathair Dhubh       | the black stone fort       | baile fearainn |
| Cloghbrack     | An Chloch Bhreac        | speckled rock              | baile fearainn |
| Currarevagh    | An Chorr Riabhach       | the grey round hill        | baile fearainn |
| Dooros         | Dubh Ros                | black peninsula            | baile fearainn |
| Green island   | An tOileán Glas         | the green island           | oileán         |
| Killary        | An Caoláire Rua         | the red inlet              | eile           |
| Knockbaun      | An Cnoc Bán             | the white hill             | baile fearainn |
| Knocknagussy   | Binn Dubh/Cnoc an Mháma | black peak                 | binn           |
| Lackderg       | An Leac Dhearg          | the red flat stones        | baile fearainn |
| Lough Carra    | Fionnloch Ceara         | white lake of Ceara        | loch           |
| Owenduff       | An Abhainn Dubh         | the black river            | abhainn        |
| Owenwee        | An Abhainn Bhuí         | the yellow river           | abhainn        |
| Toberroaun     | Tobar Ruáin             | well of the red place      | baile fearainn |
| Tullaghaby     | Na Tulacha Buí          | the yellow mounds          | baile fearainn |
| *              | An t-Iomaire rua        | the red ridge              | binn           |

\*Níl leagan Béarla ann do na logainmneacha seo.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Thionscadal Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair, agus le aghaidh tuilleadh mapaí agus acmhainní, téigh chuig ár suíomh idirlín ag: [www.joycecountrygeoparkproject.ie](http://www.joycecountrygeoparkproject.ie)



TIONSCADAL GEOPHÁIRC

**Dhúiche Sheoigheach  
& Lochanna an Iarthair**

JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT



LEABHRÁN MAOINITHE AG CISTE OIDHREACHTA GEOLAÍOCHTA 2019 DE CHUID  
SHUIRBHÉIREACHT GHEOLAÍOCHTA ÉIREANN